Comhairle Contae Átha Cliath Theas


# Plean Bainistíochta Bruscair 2020 — 2022

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council









# Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| Mar Eolas | 3 |
| Fíricí Agus Figiúirí | 6 |
| Córas Faireacháin Náisiúnta Um Thruailliú Bruscair | 9 |
| Forfheidhmiú Agus Rialáil | 11 |
| An Réimse Poiblí | 12 |
| Cumarsáid, Feasacht agus Oideachas | 13 |
| Measúnú | 14 |
| Aguisín | 16 |
| Aguisín I: Plean Forfheidhme / Gnímh Comhdhlúite 2020 | 16 |
| Aguisín II: Prótacal Do Thinte Cnámh | 20 |
| Aguisín III: Teicneolaíochta Tci Agus Comhshaoil | 22 |
| Aguisín IV: Rótacal Glantacháin | 23 |
| Aguisín V: Prótacal Bainistíochta Salachar Madraí | 24 |
| Aguisín VI: Prótacal Maidir Le Graifítí | 25 |
| Aguisín VII: Prótacal Suiteáil Araidí Bruscair | 27 |

# Réamhrá

Baineann an Plean Bainistíochta Bruscair seo leis an tréimhse 2020 — 2022.

Is plean reachtúil é atá ullmhaithe mar atá ordaithe in Alt 10 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997. Tá an comhairliúchán reachtúil tábhachtach mar ghné de Phlean Bainistíochta Bruscair a dhréachtadh, lena n-áirítear plé ag Cruinnithe Coiste Ceantair, cruinnithe Coiste Straitéiseach Polasaí agus aighneachtaí poiblí. Cuireann próiseas an chomhairliúcháin reachtúil an tÚdarás Áitiúil ar an eolas faoi ábhair chúraim lucht gnó, grúpaí cónaitheacha/pobail agus daoine aonair.

Moltar sa phlean aghaidh a thabhairt ar thionchair dhiúltacha an bhruscair inár gcontae, caighdeán na beatha agus braistinte folláine na n-áitritheoirí a fheabhsú, agus ár gcumas tráchtála agus turasóireachta a bhreisiú le:

- Reachtaíocht agus rialú a fhorfheidhmiú
- Bainistíocht agus cothabháil ár réimse poiblí
- Cumarsáid, oideachas agus feasacht.

Tabharfar aird sa phlean seo ar ráiteas misin agus ar chuspóirí Phlean Corparáideach 2020 — 2024, **d'fhonn áit bhríomhar ionchuimsitheach a dhéanamh inár gcontae do na daoine atá ina gcónaí, ar cuairt, ag obair agus ag déanamh gnó anseo, anois agus san am atá le teacht.**

Tabharfar aird ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt an chontae agus ar fhorálacha Phlean Forbartha an Chontae sa phlean. Déanfar an Plean Bainistíochta Bruscair 2020 — 2024 a nascadh go dlúth leis an bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019 — 2024, go háirithe an Plean Gníomhaíochta um Bhainistiú Acmhainní mar a mbeidh 20 den 27 ngníomhaíocht ag fáil tacaíochta ó ghníomhaíochtaí an Phlean Bainistíochta Bruscair.

Ar mholadh an Choiste Straitéiseach Beartais Comhshaoil, Réimse Poiblí agus Athrú Aeráide, d'fhaomh Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Átha Cliath Theas an Dréachphlean leasaithe Bainistíochta Bruscair 2020—2024 a dréachtadh de réir an Acht um Thruailliú Bruscair 1997 mar atá leasaithe, ag a gcruinniú a tionóladh ar an 9 Márta 2020.



# Mar Eolas

## Cad is bruscar ann?



Déantar bruscar a shainmhíniú in Alt 2 den Acht um Thruailliú Bruscair 1997, mar atá leasaithe (an tAcht) mar a leanas:

*.. substaint nó réad, atá beartaithe a bheith ina dhramhaíl nó nach bhfuil (seachas dramhaíl faoi bhrí an Acht um Bhainistíocht Dramhaíola, 1996, mar atá leasaithe, atá coinsínithe i gceart le diúscairt) atá, nuair a fhágtar é in áit seachas coimeádán brúscair nó áit eile atá ainmnithe go dleathach don fhosú, nó ar dócha é a bheith gránna, dochrach, masmasach nó míshláintíoch, as féin nó le cois aon substaint nó réad eile, gan aird ar a mhéid nó a thoilleadh nó réimse an fhosaithe;*

Go hachomair, tá sainmhíniú leathan ag bruscar agus ciallaíonn sé gur bruscar é aon earra nó ábhar nach ndéantar a dhiúscairt i gceart, nó a d'fhéadfadh éirí gránna. D'fhéadfadh cupán caifé nó bun toitín caite ar an tsráid nó as fuinneog cairr a bheith i gceist nó graifítí, dramhaíl tí a chaitheamh in araidí bruscair poiblí, comharthaíocht neamhúdaraithe, salachar madraí agus dumpáil mhór bruscair nó dramhaíola.

## An Reachtaíocht Rialaithe

Tugtar forléargas den phríomhreachtaíocht mar a leanas:

**An tAcht um Thruailliú Bruscair, 1997, mar atá leastaithe**

**An tAcht um Bhainistíocht Dramhaíola 1996, mar atá leasaithe**

**An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 agus 2003**

**An tAcht um Thruailliú Aeir 1987**

**Achtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990**

**Fodhlithe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas um Bhruscar a Chosc agus a Rialú, 2013**

**Fodhlithe Chontae Átha Cliath Theas (Scaradh, Stóráil agus Cur i Láthair Dramhíl Tí agus Tráchtála) 2018**

**Fodhlithe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas do Pháirceanna agus Spásanna Oscailte 2011**

**Fodhlithe Trádála Ócáidí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2016.**

# Mar Eolas
## Ar Lean




Tá treoir phraiticiúil maidir leis na dlithe seo ar fáil mar a leanas.

Déantar foráil san Acht um Thruailliú Bruscair 1997, mar atá leasaithe, le haghaidh pionós ar dhaoine a chaitheann bruscar. Leagtar amach ann chomh maith freagrachtaí na nÚdarás Áitiúil agus lucht gnó faoin Acht.

## Freagrachtaí: Cé atá Freagrach as Céard?

### An Pobal i gCoitinne

Éilítear ar bhaill den phobal bearta a dhéanamh le cruthú bruscair a chosc.

Tá freagracht ar an bpobal i gcoitinne mar a leanas:

- Réadmhaoin phríobháideach atá le feiceáil ó áit phoiblí a choinneáil saor ó bhruscar (graifítí san áireamh)
- Salachar madraí a ghlanadh suas in áit phoiblí agus bruscar do mhadra a dhiúscairt go freagrach — meabhraigh, Aon Mhála, aon Araid Phoiblí
- A chinntiú go gcuirtear dramhaíl d'aon chineál i láthair le bailiú i gcoimeádán cuí dramhaíola agus nach dtugtar í ach do bhailitheoir dramhaíola atá údaraithe
- Gan dramhaíl tí a chur in araid phoiblí
- A chinntiú nach gcaitear bruscar de chineál ar bith ar an talamh, agus a chinntiú nach gcaitear bruscar ó fheithicil atá faoi úinéireacht phríobháideach nó fruilithe.

### An Pobal Gnó

Éilítea ar úinéir nó ar an té atá freagrach as áit ar a bhfuil rochtain ag an phobal an limistéar mórthimpeall a n-áitreabh a choinneáil glan ó bhruscar, is cuma conas a tháinig ann don bhruscar. Cuireann sé seo dualgas ar lucht gnó:

- Cosáin, pábháil agus gáitéir laistigh de raon 100m dá n-áitreabh a choinneáil glan ó bhruscar
- Graifítí a bhaint as a réadmhaoin
- Gan póstaeir nó comharthaíocht a chur in airde gan cead roimh ré
- Gan dramhaíl tráchtála a chur in araid phoiblí.

Tá dualgas ar aon duine a iompraíonn earraí nó comhábhair ar fheithicil nó i scipe a chinntiú go mbíonn an comhábhar atá á iompar daingnithe ionas nach gcruthaítear bruscar.

Tá dualgas ar dhaoine atá i mbun ionaid soghluaiste díolacháin:

- Líon sásúil coimeádáin bhruscair a sholáthar
- A chinntiú go mbaintear amach an bruscar go léir a bhaineann le feidhmiú an ionaid miondíolacháin soghluaiste laistigh de raon 100m.

Éilíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas freisin go mbeadh Ceadúnas Trádála Ócáideach ag oibritheoirí ionaid miondíola soghluaiste.

Éilítear ar lucht eagraithe nó tionscnóirí mórimeachtaí a chinntiú go mbíonn bearta rialú bruscair ar bun acu ag an ionad agus mórthimpeall air roimh, i rith agus tar éis na n-imeachtaí. Tá sé i bhfeidhm maidir le himeachtaí spóirt, imeachtaí sóisialta, féilte agus taispeántais a mbítear ag súil go bhfreastalóidh sluaite móra orthu.

# Mar Eolas
Ar Lean

**Comhairle Contae Átha Cliath Theas**

Tá sé de fhreagracht ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a chinntiú go gcoinnítear:

- Bóithre Poiblí
- Spásanna Glasa/Oscailte in úinéireacht na Comhairle
- Spásanna spraoi faoi bhainistíocht na Comhairle
- Gairdíní Pobail
- Aibhneacha, srutháin a ritheann laistigh de mhaoinna Comhairle.

saor ó bhruscar, a oiread is féidir go praiticiúil, agus déantar cruthú bruscair a chosc leis na bearta seo a leanas:

- Forfheidhmiú agus Rialáil
- Cigireachtaí gnácha agus neamhghnácha
- Cláir oibríochtaí Réimse Poiblí, lena n-áirítear bailiú agus diúscairt bhruscair agus coimeádáin bruscair a sholáthar agus a chothabháil
- Cláir Cumarsáide, Oideachais agus Feasachta a sheachadadh
- Prótacail a fhorbairt le freagairt d'iarratais seirbhíse
- Córas Teagmhála Cúram Custaiméirí a chur chun cinn chomh maith le Socraigh do Shráid mar phointe teagmhála custaiméirí.

## Pionóis ar Chaitheamh Bruscair

Is cion é bruscar a chaitheamh nó a fhágáil in áit phoiblí nó in áit atá le feiceáil ó áit phoiblí, atá faoi réir ag fógra seasta pionóis de €150 nó fíneáil nach mó ná €4000 trí na Cúirteanna. Féadfaidh an Chúirt a éileamh ar dhuine a chiontaítear as cion bruscair na costais a thabhaíonn an Chomhairle le linn an chion a fhiosrú agus an ionchúisimh a thabhairt chun Cúirte a íoc.



# Fíricí Agus Figiúirí

Leagtar amach thíos staitisticí comhthiomsaithe a cuireadh i láthair na Comhairle le linn ré an Phlean Bainistíochta Bruscair 2015—2019.

## Gníomhartha Forfheidhme

| Miondealú ar Imeachtaí Dlí | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna le hIonchúisiú | 131 | 151 | 96 | 157 | 100 |
| Cásanna le haghaidh Éisteacht Chúirte | 83 | 41 | 45 | 62 | 45 |
| Achomhairc Liostaithe le haghaidh Éisteacht Chúirte | 4 | 2 | 6 | 0 | 1 |
| **Iomlán in aghaidh na Bliana** | **218** | **194** | **147** | **219** | **146** |

| Gearáin Faighte agus Logáilte: Miondealú | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| Membersnet | 443 | 836 | 759 | 570 | 480 |
| Socraigh do Shráid | 836 | 1696 | 1082 | 1169 | 1038 |
| Córas Gearáin Chomhshaoil | 1669 | 2023 | 4072 | 3932 | 2568 |
| **Iomlán in aghaidh na Bliana** | **2948** | **4555** | **5913** | **5671** | **4086** |

| Fógraí Íocaíochta Seasta Eisithe: Miondealú | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| Dumpáil/Bruscar Mídhleathach | 264 | 289 | 391 | 488 | 383 |
| Loiceadh i leith Áit Phoiblí a Choinneáil Saor ó Bhruscar | 10 | 11 | 11 | 10 | 8 |
| Comharthaí Neamhúdaraithe | 221 | 147 | 99 | 100 | 119 |
| **Iomlán in aghaidh na Bliana** | **495** | **447** | **501** | **598** | **510** |

# Fíricí Agus Figiúirí
Ar Lean

## Tograí Cumarsáide agus Feasachta

| Staitisticí Mar A Tuairiscíodh I Dtuarascálacha Ráithiúla | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| Glantacháin creidmheas sóisialta pobail | 2376 | 2221 | 2600 | 2801 | 2471 |
| Líon na gceardlanna | 141 | 145 | 189 | 197 | 164 |
| Líon scoileanna cláraithe do chlár na scoileanna glasa | 131 | 131 | 134 | 136 | 136 |
| Gradaim Scoileanna Glasa bronnta | 42 | 43 | 38 | 33 | 22 |
| **Tograí Feasachta Comhshaoil** | **21** | **21** | **76** | **120** | **131** |

## Tuairiscí Graifítí

| Bliain | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| Cúram Custaiméirí | 260 | 307 | 326 | 157 |
| Tuairiscí Comhaltaí | 102 | 93 | 33 | 48 |
| **Iomlán** | **362** | **400** | **359** | **205** |

## Tuairiscí Faoi Fheithiclí Tréigthe/Dóite Fiosraithe

| Bliain | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|
| Tréigthe | 917 | 994 | 706 |
| Dóite | 183 | 130 | 134 |
| **Iomlán** | **1100** | **1124** | **840** |



# Córas Faireacháin Náisiúnta Um Thruailliú Bruscair

Tiomsaíodh an Córas Faireacháin Náisiúnta um Thruailliú Bruscair (NLPMS) sa bhliain 2002. Bhí Comhairle Contae Átha Cliath Theas rannpháirteach sa Chóras sna blianta 2018 agus 2019. Faoin gCóras, rinne CCÁTT 236 suirbhé le fairsinge, comhdhéanamh agus cúiseanna an truailliú bruscair sa cheantar a dheimhniú. Táthar ag súil go gcuirfidh na sonraí a bailíodh as an gcóras ar chumas na Comhairle pleanáil bainistíochta bruscair níos éifeachtúla a sholáthar, éifeachtúlacht na straitéisí bainistíochta bruscair a mheasúnú agus an chionroinnt is fearr acmhainní le tabhairt faoin mbruscar a chinntiú.

Rinneadh suirbhéanna de dhá chineál. Is é an suirbhé Truailliú Bruscair an chéad cheann, le fairsinge agus déine an truailliú bruscair a dheimhniú. Cuirtear torthaí an tsuirbhé ar thruailliú bruscair in iúl mar innéacs truailliú bruscair do na ceantair a ndearnadh suirbhé orthu, le réimse luacha ó 1 go 5, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| **1** | Neamhthruaillithe .i. saor ó bhruscar, |
| **2** | Truailliú éadrom, |
| **3** | Truailliú measartha, |
| **4** | Truailliú suntasach, agus |
| **5** | Truailliú tromchúiseach .i. an leibhéal bruscair a mbeifí ag súil leis tar éis mórimeacht spóirt nó siamsaíochta. |

Is é an suirbhé Cainníochtú Bruscair an dara cineál suirbhé a aithníonn comhdhéanamh (.i. cineál agus bunús) an truailliú bruscair atá coitianta i gceantar. Is iad seo a leanas torthaí na suirbhéanna truailliú bruscair a rinneadh in 2018 agus 2019:

| | 2018 | | 2019 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Torthaí An Tsuirbhé** | **Líon Suirbhéanna** | **% de Shuirbhéanna** | **Líon Suirbhéanna** | **% de Shuirbhéanna** | **Athrú Bliain Ar Bhliain** |
| **Ceantar Neamhthruaillithe Nó Saor Ó Bhruscar** | 30 | 15.00% | 30 | 15.00% | 0.00% |
| **Ceantar Le Truailliú Éadrom** | 138 | 69.00% | 137 | 68.80% | 0.20% |
| **Ceantar Le Truailliú Measartha** | 29 | 14.50% | 32 | 16.00% | 1.50% |
| **Ceantar Le Truailliú Suntasach** | 3 | 1.50% | 0 | 0.00% | -1.50% |
| **Ceantar Le Truailliú Tromchúiseach** | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% | 0.00% |
| **Iomlán** | 200 | 100% | 199 | 100% | |

## Córas Faireacháin Náisiúnta Um Thruailliú Bruscair
Ar Lean

Léirigh na suirbhéanna cáinníochtú bruscair a rinneadh in 2018 agus i 2019 an méid seo a leanas maidir le gnéithe den truailliú bruscair:

| | 2018 | | 2019 | |
|---|---|---|---|---|
| **Comhdhéanamh An Bhruscair** | Comhaireamh | % den Iomlán | Comhaireamh | % den Iomlán |
| Bruscair ó Thoitíní | 354 | 21.9% | 1153 | 49.0% |
| Bruscar Bia | 21 | 1.3% | 39 | 1.7% |
| Bruscar Milseán | 354 | 21.9% | 397 | 16.9% |
| Bruscar Páipéir | 2 | 0.1% | 42 | 1.8% |
| Bruscar Plaisteach | 0 | 0.0% | 0 | 0.0% |
| Bruscar Ilchineálach | 25 | 1.5% | 28 | 1.2% |
| Bruscar Toirtiúil | 19 | 1.2% | 5 | 0.2% |
| Bruscar Pacáistí | 830 | 51.4% | 676 | 28.7% |
| Bruscar Dochrach | 9 | 0.6% | 12 | 0.5% |
| **Iomlán Na Míreanna Bruscair** | 1614 | 100.0% | 2352 | 100.0% |

| | 2018 | | 2019 | |
|---|---|---|---|---|
| **Comhdhéanamh Bruscar Pacáistí** | Comhaireamh | % den Iomlán | Comhaireamh | % den Iomlán |
| Pacáistiú Bia Beir Leat | 68 | 8.2% | 56 | 8.3% |
| Pacáistiú Gloine | 66 | 8.0% | 26 | 3.8% |
| Pacáistiú Miotail | 207 | 24.9% | 136 | 20.1% |
| Pacáistiú Páipéir | 107 | 12.9% | 113 | 16.7% |
| Pacáistiú Plaisteach | 382 | 46.0% | 345 | 51.0% |
| **Iomlán Bruscar Pacáistithe** | 830 | 100.0% | 676 | 100.0% |

Buidéil phlaisteacha ba ea formhór na n-earraí pacáistithe a aithníodh. Tá CCACT ag gníomhú le spleáchas ar phlaistigh aon úsáide, lena n-áirítear buidéil phlaisteacha, a laghdú. Aithníodh méadú i líon na n-earraí bruscair a bhain le toitíní i suirbhéanna 2019 agus aimseofar gníomhartha le dul i ngleic leis an bhfadhb. Beidh sonraí luachmhara ar fáil as an rannpháirtíocht leanúnach sa Scéim ar son cuspóirí comparáide, d'fhonn éifeachtúlacht na ngníomhartha a léiriú.

# Forfheidhmiú Agus Rialáil

## Cúlra

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta do chuma aeistéitiúil ár gContae a fheabhsú, le háit tharraingteach cónaithe agus gnó a dhéanamh de. Tá an chomhairle tiomanta d'fhorálacha an Acht um Thruailliú Bruscair 1997, mar atá leasaithe, An tAcht Bainistíochta Bruscair 1996, mar atá leasaithe, agus na rialacháin a ghabhann leo a fhorfheidhmiú go hiomlán, le dul i ngleic le daoine agus/nó gnólachtaí a bhíonn freagrach as caitheamh bruscair agus dumpáil mhídhleathach.

Tá foireann de mhaoir Frith-Bhruscair fostaithe ag an gComhairle le patról laethúil a dhéanamh sa Chontae agus eachtraí caitheamh bruscair agus dumpála mídhleathach a fhiosrú. Déantar gach tuairisc faoi bhruscar agus dumpáil mhídhleathach a thaifeadadh ar Chóras na nGearán Comhshaoil, mar a riantar iad ón ngearán tosaigh trí imfhiosrú go forfheidhmiú.

Eisítear Fógraí Pionóis Seasta aon uair a fhaightear nó a gcuirtear ar fáil fianaise shásúil agus tiomsaítear iomchúisiú díreach nuair a mheastar é a bheith cuí. Déantar daoine a dteipeann orthu nó a dhiúltaíonn Fógraí Pionóis Seasta a íoc a iomchúiseamh trí na Cúirteanna.

Tá Oifigigh Forfheidhmiú Dramhaíola fostaithe ag an gComhairle le dualgais éagsúla a chomhlíonadh faoi na hAchtanna um Bhainistíocht Dramhaíola, lena n-áirítear Fodhlithe Dramhaíola Tí agus Tráchtála agus na Tograí Freagrachtaí Tairgeoirí éagsúla a fhorfheidhmiú. Déantar na Fodhlithe Dramhaíola Tí agus Tráchtála a fhorfheidhmiú le cinntiú go ndéanann gach tairgeoir dramhaíola an dramhaíl a dhiúscairt de réir na reachtaíochta agus le cinntiú nach gcruthaítear bruscar le linn dramhaíola a chur i láthair le bailiú.

### Straitéis

Leanúint le leibhéal ard forfheidhmithe d'fhonn bruscar a chosc agus a rialú (lena n-áirítera dumpáil mhídhleathach).

### Cuspóirí

- Feiceálacht an Maor Frith-Bhruscair agus na Seirbhísí Forfheidhmiú Dramhaíola a mhéadú
- Díriú go háirithe ar ghinteoirí aitheanta bruscair, go háirithe ag amanna ina n-aithnítear tarluithe
- Gach gearán a fhiosrú agus rialacháin agus reachtaíocht a fhorfheidhmiú mar is cuí
- Leanúint ag oibriú na gCóras Bainistíochta Caidreamh Custaiméirí
- Na roghanna faireachais a fhiosrú go leanúnach le tarluithe bruscair, dumpáil mídhleathach agus salachar madraí a laghdú
- An polasaí i leith comharthaíocht na Comhairle a chur in airde a athbhreithniú go leanúnach
- Beolíne Maor Bruscair na Comhairle ar 4149220 agus beolíne frithdhumpála na Gníomhaireachta um Chosaint Chomhshaoil 1850 365121 a chur ar fáil agus a fhógairt go leanúnach
- Teicneolaíocht a úsáid mar uirlis i gcoinne bruscair agus dumpála mídhleathach, de réir an Phrótacal TCI agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil.

# An Réimse Poiblí




## Cúlra

Bunaíodh an Rannóg Réimse Poiblí in 2013, le cumascú na Rannóga Páirceanna, Reiligí, Oibríochtaí agus Glantóireachta. Tá tascanna a bhí á ndéanamh ag an 4 rannóg thuasluaite á ndéanamh anois ag an Rannóg Réimse Poiblí, mar shampla, seirbhísiú araidí bruscair, gearradh féir, freastal ar dumpáil mhídhleathach, glantóireacht sráidbhailte, cothabháil páirceanna imeartha, srl.

Chomh maith leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil le saothar díreach tá conradh scuabadh bóithre agus na seirbhísí gaolmhara ag an gComhairle. Faoin gconradh seo, cuirtear seirbhís scuabadh bóithre agus piocadh bruscair ar fáil le haghaidh gach bóthair, eastát tithíochta agus eastát tionsclaíoch. Áirítear srianadh fiailí (ó Aibreán go Meán Fómhair faoi seach), glanadh gáitéirí agus bailiú duilleoga le linn míonna an gheimhridh ar na seirbhísí gaolmhara.

**Straitéis**

Cur chuige comhtháite a sheachadadh i leith cothabháil agus feabhsú d'ardchaighdeán a bhaint amach sa réimse poiblí.

**Cuspóirí**

- Tabhairt faoi chlár glanadh sráide (baile/sráidbhaile) lena n-áirítear cigireacht agus seirbhísiú laethúil ar araidí bruscair mar is cuí
- Piocadh bruscair a sholáthar i gcomhar le gearradh féir
- A chinntiú go mbíonn acmhainní sásúla i gcónaí ag gach seirbhís glantóireachta
- Faireachas a dhéanamh ar na seirbhísí glantóireachta agus a chinntiú go gcuirtear ar fáil iad ar chaighdeán sásúil
- Freagra pras a chinntiú le graifítí a bhaint amach as réadmhaoin phoiblí
- A chinntiú go nglantar ceantair a fhulaingíonn bruscar agus dumpáil leanúnach ar bhonn seachtainiúil ar a laghad
- Fairsingiú leanúnach a dhéanamh ar stoc na n-araidí bruscair ar fud an Chontae de réir mar a mheastar is gá
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt do na bailte slachtmhara agus do na grúpaí áitritheoirí le glantacháin tríd scéim na gcreidmheasanna sóisialta
- Seirbhísiú agus cothabháil na mBancanna Beir Leat ar ardchaighdeán a chinntiú.



# Cumarsáid, Feasacht agus Oideachas

## Cúlra

Le cumarsáid, oideachas agus feasacht is féidir le háitritheoirí an Chontae a bheith níos eolaí faoi thionchar an bhruscair, na dumpála agus gníomhaíochtaí neamhairde ar an gcomhshaol. Tá sé ríthábhachtach tosaíocht a thabhairt do chosc bruscair/dramhaíola mar gurb í sin an ghníomhaíocht is tábhachtaí sa ghrádlathas dramhaíola.




**Straitéis**

An teachtaireacht frithbhruscair agus cosc bruscair a chur chun cinn i gContae Átha Cliath Theas.

**Cuspóirí**

- Feachtais spriocdhírithe frithbhruscair agus cosc bruscair a chur chun cinn, dírithe ar ghraifítí, madraí agus bruscar ginearálta
- Rannpháirtíocht ghníomhach i gcláir chosc agus feasachta bruscair Áitiúla, Náisiúnta agus Réigiúnacha a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt
- Tograí a bhunú, a thacú agus a sholáthar do dhaoine óga le cosc bruscair a chur chun cinn lena n-áirítear Clár na Scoileanna Glasa a sheachadadh
- Tacú le grúpaí pobail le bruscar a chosc, i bhfeasacht bruscair agus i nglantacháin phobail
- Feasacht a chruthú i measc sealbhóirí tí agus gnónna faoi theachtaireacht chosc bruscair agus a ndualgaisí agus a n-oibleagáidí agus tacaíocht a thabhairt dóibh
- Na meáin shóisialta, ár suíomh gréasáin agus gach meán poiblíochta a úsáid le cláir agus feachtais um chosc bruscair a chur chun cinn agus a thuairisciú agus rannpháirtíocht na saoránach a spreagadh
- Míreanna nuachta maidir le Feasacht Chomhshaoil a sholáthar do Chruinnithe Coistí Ceantair
- Tacaíocht a thabhairt do naisc nua Pobail agus naisc atá ann cheana, ar mhaithe le rannpháirtíocht an Phobail i gContae Glan a chothabháil.

# Measúnú

Ní mór dúinn tuairisciú a dhéanamh ar oibriú an phlean seo, agus na bearta atá á dtógáil/tógtha againn maidir le cosc agus rialú bruscair a léiriú.

Déanfar Plean Gníomhaíochta Forfheidhmithe cuimsitheach a fhorbairt le haghaidh gach bliain den phlean mar a dhéanfar faireachán agus measúnú agus tuairisceofar é ar bhonn débhliantúil ag leibhéal Coiste Ceantair. Tá Plean forfheidhme 2020 áirithe in Aguisín 1.

Áireofar sa tuarascáil don Chomhairle:

- Gach beart cosc agus rialú bruscair ar tugadh faoi
- Fairsinge an ghnímh fhorfheidhme a glacadh
- Fairsinge na mbearta feasachta poiblí, oideachais agus faisnéise
- An leibhéal comhoibrithe agus cúnaimh a chuir an Chomhairle ar fáil le bruscar a chosc agus a rialú.





# Aguisín I:
## Plean Forfheidhme/Gnímh Comhdhlúite 2020

| Gníomhartha | Freagracht | Staitisticí / Sonraí Le Cur Ar Fáil |
|---|---|---|
| **Na Córais Bhainistíochta Caidreamh le Custaiméirí (Ionadaithe na mBall, Socraigh do Shráid (FYS), Córas Teagmhála Custaiméirí, Córas Gearáin Chomhshaoil) le rianú gearán/tuairiscí a optamú ó chéad theagmháil go réiteach** | **Forfheidhmiú agus Ceadúnú** | Líon teagmhálacha le Custaiméirí<br>Líon FYS<br>Líon na nIonadaí Baill<br>Líon cásanna bruscair dúnta |
| **Seirbhís maoir ardphróifíle a chothabháil ar fud an chontae le patróil coise agus tiomána mar is cuí** | **Forfheidhmiú agus Ceadúnú** | Líon na bpatról |
| **Fógraí Píonós Seasta a eisiúint ar son sárú reachtaíocht chomhshaoil, rialacháin agus fo-dhlithe, lena n-áirítear caitheamh bruscair, dumpáil mhídhleathach, salachar madraí agus comharthaíocht neamhúdaraithe, nuair a bhíonn fianaise shásúil ar fáil** | **Forfheidhmiú agus Ceadúnú** | Líon na FPS |
| **Imeachtaí dlí a thiomsú le haghaidh neamhíocaíocht Fhógraí Píonóis Seasta, mar is cuí** | **Forfheidhmiú agus Ceadúnú** | Líon na n-imeachtaí atreoraithe<br>Líon na gcásanna éiste<br>Líon rathúil |
| **Ceamairí follasacha agus ceilte TCI agus teicneolaíochtaí eile lena n-áirítear dróin agus fearais fuaime a úsáid le faireachas a dheanamh ar cheantair ina mbíonn baol dumpála mídhleathaí agus le tacú le gníomhaíocht fhorfheidhme** | **Forfheidhmiú agus Ceadúnú** | Líon na gcóras Ionnaithe<br>Líon na nEitiltí Drón |
| **Idirghabháil a dhéanamh ar bhonn réigiúnach le réitigh a fhorbairt le dul i ngleic le dumpáil i réigiún Bhail Átha Cliath (Smart Dublin)** | **Forfheidhmiú agus Ceadúnú** | Tionscadail |
| **An Togra um Chosaint na Sléibhste agus na gComhshaoil Tuaithe (PURE) a chur chun cinn agus tacú leis** | **Forfheidhmiú agus Ceadúnú** | Líon na Mílte PURE sa Chontae<br>Tonnáiste bailithe |
| **Rannpháirtíocht sa Chóras Náisiúnta Faireachais ar Thruailliú Bruscair** | **Forfheidhmiú agus Ceadúnú** | Tuairisciú ar dhul chun Cinn agus Torthaí |

## Aguisín I
Ar Lean

| Gníomhartha | Freagracht | Staitisticí / Sonraí Le Cur Ar Fáil |
|---|---|---|
| **Rannpháirtíocht i dtograí WERLA (Údaráis Ceannais Réigiúnacha i bhForfheidhmiú Dramhaíola) agus RWMO (Oifigí Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha)** | **Forfheidhmiú Dramhaíola** | Líon na dTograí |
| **Forfheidhmiú na bhFodhlithe um Dramhaíl Tí agus Tráchtála,  Dó Cúlghairdín agus Cnuasach Dramhaíola** | **Forfheidhmiú Dramhaíola** | Líon cásanna<br>Líon cigireachtaí |
| **Forfheidhmiú Reachtaíocht Freagracht Táirgeora (Boinn, Pacáistiú, WEEE, Cadhnraí)** | **Forfheidhmiú Dramhaíola** | Líon cigireachtaí<br>Líon na nGníomhaíochtaí Forfheidhmithe |
| **Comhrac i gcoine Dramhaíl Tí/Cnuasach Mangarae Mídhleathach** | **Forfheidhmiú Dramhaíola** | Líon oibríochtaí<br>Líon na nGníomhaíochtaí Forfheidhmithe |
| **Feidhmiú an chlár glanta sráidbhailte lena n-áirítear seirbhís deireadh seachtaine (Beidh figiúirí scuabadh bóthar san áireamh)** | **An Réimse Poiblí** | Tonaí bailithe |
| **Glantacháin atá beartaithe agus sceidealaithe do bhaill dhubha bruscair atá aitheanta sa chontae** | **An Réimse Poiblí** | Líon na nglantachán |
| **Seirbhísiú agus cothabháil na nIonad Fág Anseo le cinntiú go mbíonn siad saor ó bhruscar** | **An Réimse Poiblí** | Líon na nIonad fág anseo |
| **Athbhreithniú leanúnach ar sholáthar araidí bruscair sa Réimse Poiblí le haird ar an bPrótacal um Láithriú Araidí Bruscair** | **An Réimse Poiblí** | Líon na n-araidí |
| **Tuairisciú a dhéanamh ar an scéim phíolótach araid gréine  agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar araidí bruscair lena n-áirítear minicocht folmhaithe agus réitigh theicneolaíochta.** | **An Réimse Poiblí** | Tuarascáil agus moltaí ón scéim phíolóta agus ón athbhreithniú |
| **Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na n-araidí bruscair ar fud an chontae agus cineálacha oiriúnacha araidí a aithint le húsáid.** | **An Réimse Poiblí** | Líon na n-araidí |

# Aguisín I
## Ar Lean

| Gníomhartha | Freagracht | Staitisticí / Sonraí Le Cur Ar Fáil |
|---|---|---|
| **Obair le Clubanna Spóirt le cinntiú go mbíonn bearta rialú bruscair ar bun de réir na cáipéise um Chionroinnt Saoráidí Páirceanna/Spóirt - Polasaí agus Coinníollacha (m.sh Clubanna Glasa CLG).** | **An Réimse Poiblí** | Líon na gclubanna spóirt atá rannpháirteach |
| **Graifítí a aimsiú agus a bhainsitiú lena mbaint as maoin phoiblí go tráthúil** | **An Réimse Poiblí** | Líon tuairiscí |
| **Bainistíocht ar thuairiscí faoi Graffiti agus Caitheamh Bruscair ag struchtúir atá faoi rialú na gcuideachtaí fóntais de réir an Mheabhráin Tuisceana** | **An Réimse Poiblí** | Líon na dTuairiscí |
| **Clár spriocdhírithe le hábhar tinte cnámh a ghlanadh as áiteanna poiblí roimh Oíche Shamhna** | **An Réimse Poiblí** | Líon tuairiscí<br>Tonaí bailithe |
| **Léarscáiliú ar thinte cnámha Oíche Shamhna le treochtaí a aithint agus idirghabhálacha beartaithe a threorú** | **An Réimse Poiblí** | Líon na láithreacha aitheanta do thinte cnámh |
| **Glanadh suas agus baint amach ábhair do thinte cnámh Oíche Shamhna go tráthúil** | **An Réimse Poiblí** | Tonaí bailithe |
| **Clár cothabhála lánaí a oibriú ag láithreacha aitheanta ar fud an chontae agus leanúint ar aghaidh ag lorg réiteach don fhadhb** | **An Réimse Poiblí** | Líon / fad na lánaí |
| **Sceideal feasachta Frithbhruscair agus Frith-Graffiti a chur chun cinn sna meáin (salú madraí, frithbhruscar, dumpáil mhídhleathach, feachtais fógraíochta frithbhruscair raidió agus cineama)** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Feachtais leanúnacha ainmniúcháin ar raidió, cineama, agus admhálacha scipéid srl |
| **Tionscadal píolótach Canbhasála Átha Cliath Theas a sholáthar** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Nuashonrú a sholáthar faoin staid ag a bhfuil tionscadal Canbhasáila Átha Cliath Theas |
| **Riarachán ar an Deontas Feasachta Frithbhruscair agus Frith-Graffiti** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Nuashonrú a sholáthar faoin deontas AL/AG |

# Aguisín I
## Ar Lean

| Gníomhartha | Freagracht | Staitisticí / Sonraí Le Cur Ar Fáil |
|---|---|---|
| **Comórtas póstaer agus manaí comhshaoil scoile a chur chun cinn** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Nuashonraí a sholáthar faoin gcomórtas |
| **An Togra Siúlóirí Glasa Madraí agus úinéireacht fhreagrach madraí a chur chun cinn** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Gníomhaíocht maidir leis an togra a thuairisciú |
| **An Tascfhórsa Náisiúnta Bruscar Guma a chur chun cinn** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Tuairisciú ar an seoladh |
| **An Glantachán Earraigh Náisiúnta a chur chun cinn agus tacú leis** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Faisnéis a sholáthar faoin ghníomhaíocht maidir leis an bhfeachtas |
| **Togra na mBailte Slachtmhara a chur chun cinn agus tacú leis** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Faisnéis a sholáthar do ghrúpaí bailte slachtmhara faoin ngníomhaíocht |
| **An Scéim Creidmheasa Sóisialta a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Faisnéis a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí SCS |
| **Tacaíocht a thabhairt agus riarachán a dhéanamh ar Chlár na Scoileanna Glasa** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Faisnéis a sholáthar faoin ngníomhaíocht |
| **Feachtais Shéasúracha Réigiúnacha agus Náisiúnta a chur chun cinn** | **Cumarsáid agus Feasacht** | Faisnéis a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí na bhfeachtas séasúracha ar bhonn míosúil |

# Aguisín II:
## Prótacal Do Thinte Cnámh



Tionscnaíodh an tAcht um Thruailliú Aeir, 1987, le cur in aghaidh truailliú aeir in Éirinn, go háirithe i gceantair uirbeacha trí Orduithe Ceantair Speisialta Rialaithe. Tá toirmisc ar réimse ábhar a dhó i gceantair uirbeacha atá clúdaithe ag na Ceantair Speisialta Rialaithe agus bheadh ábhair/dramhaíl a úsáidtear go hiondúil i dtinte cnámh Oíche Shamhna ina measc.

Is é príomhchuspóir Alt 32 den Acht Bainistíochta Dramhaíola 1996, mar atá leasaithe, truailliú comhshaoil agus cruthú astaíochtaí núise a chosc.

Deir Fodhlithe na Comhairle le haghaidh Páirceanna agus Spásanna Oscailte 2011, faoi Alt 5.2. Meas ar úsáideoirí eile na bPáirceanna: Ní dhéanfaidh aon duine tine chnámh, tine, beárbaiciú, ná ní bheidh tine ealaíne ina sheilbh ná ní lasfaidh siad é ach le cead roimh ré ón gComhairle agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha an cheada sin.

Beidh na bearta seo a leanas mar chuid de fhreagairt na Comhairle d'Oíche Shamhna le linn tréimhse an Phlean seo, mar a bhí áirithe cheana i bPlean 2015 — 2019:

- Bearta feasachta le béim a chur ar na contúirtí a bhaineann le tinte cnámh agus ar mbaol don chomhshaol,
- Gníomhaíocht Rannóg Forfheidhmiú agus Ceadúnaithe Chomhshaoil na Comhairle le déileáil le háitribh tráchtála agus a ndualgais a gcuid dramhaíola a stóráil i gceart, lena n-áirítear suirbhéanna aeir mar is riachtanach,
- Cuirfear tús leis an bhfreagairt le cairn ábhar tine chnámh a bhaint amach a luaithe agus is gá, i mí Mheán Fómhair de ghnáth.

# Aguisín II
## Ar Lean

- Idirghabháil leis An Garda Síochána le gníomhaíochtaí a dhéanamh i gcomhar leis an gComhairle maidir leis an ábahr seo,
- Idirghabháil le grúpaí áitritheoirí áitiúla a bheadh ábalta láithreacha na gcarn comhábhar a aithint,
- Leanfar leis an bhfeachtas Bleibíní seachas Tinte Chnámh le háitritheoirí a spreagadh le tinte cnámh a choinneáil amach as a gceantair.
- Leanfar leis an scéim creidmheasa sóisialta le cabhrú le grúpaí atá cláraithe sa scéim le comhábhair a dhiúscairt in ionad fóntais sibhialta na Comhairle i mBaile an Mhóta, agus cabhróidh sé seo leis an méid comhábhar a chuirtear ar fáil le haghaidh tinte cnámh a laghdú.

Ar an gcéad áit freagairt a chuir in aghaidh comhábhair a charnadh le húsáid i dtinte cnámh in áiteanna poiblí roimh Oíche Shamhna, bainfidh an Chomhairle amach comhábhair a fhágtar in áiteanna poiblí le tine chnámh a thógáil Oíche Shamhna, agus ina dhiaidh sin bainfear amach an dramhaíl a eascraíonn as tinte cnámh.

D'éirigh córas an tséimhithe líon na dtinte cnámh mídhleathacha a laghdú sa chontae trí fheasacht phoiblí, scéimeanna luíochta, gníomhaíochta malartacha pobail, forfheidhmiú agus glantacháin spriocdhírithe.

Taifeadadh 226 láthair tinte cnámh Oíche Shamhna sa Chontae in 2019 i gcomparáid le 378 tine chnámh in 2014, laghdú níos mó ná 40% i rith saolré an Phlean Bainistíochta Bruscair 2015—2019.

Bhí costas iomlán Rannóg Réimse Poiblí na Comhairle cothrom le timpeall €110,000 in 2019.

Mar gur tharla formhór na dtinte cnámh i bpáirceanna, i spásanna oscailte agus i gceantair phoiblí eile, tá sé de chúram ar an gComhairle comhábhar tinte cnámh a bhaint amach roimh, le linn agus tar éis Oíche Shamhna. Baineann ardriosca leis an ngníomhaíocht seo agus tá Measúnuithe Riosca cuí ar bun mar chuid de Chóras Bainistíocht Sábháilteachta na Comhairle.

Nuair a thuairiscítear don Chomhairle go bhfuil comhábhar tine chnámh in áit phoiblí, tabharfar tosaíocht don bhaint amach mar a leanas:

- Faoi línte cumhachta
- I gcoinne nó díreach in aice le tithíocht nó réadmhaoin eile
- Ar phríomhbhóithre mar ar dócha go mbeidh bagairt ann d'iompar poiblí
- Láithreacha a ainmníonn An Garda Síochána mar áiteanna ina bhféadfadh baol a bheith ann don sábháilteacht phoiblí.

Déanfar Sláinte agus Sábháilteacht lucht foirne na Comhairle a bhíonn páirteach a mheas agus bainfear an comhábhar amach le linn gnáthuaireanta oibre. Déanfar ionaid a sheiceáil agus tabharfar tosaíocht dóibh de réir a bhfuil thuas. Déanfaidh an fhoireann maoirseoireachta measúnú riosca ar an láthair, agus iarrfar tacaíocht na nGardaí mar is cuí.

Le linn bainistíocht na seirbhísí seo, beidh aird na Comhairle ar dhamáiste do réadmhaoin agus do sheirbhísí riachtanacha a íoslaghdú agus cuirfear béim ar an úsáid is fearr a chinntiú. Níl sé indéanta go fisiciúil gach comhábhar tine chnámh a bhaint as gach láthair a thuairiscítear ag Oíche Shamhna.

Ní bhainfidh an Chomhairle comhábhar tinte cnámh amach as:

- Réadmhaoin phríobháideach
- Pobail gheataithe
- Lánaí geataithe in eastáit tithíochta.

# Aguisín III:
## Teicneolaíochta TCI Agus Comhshaoil

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas freagrach as bainistíocht chórais éagsúla Teilifís Chiorcaid Iata (TCI) agus teicneolaíochta eile atá á bhfeidhmiú acu sa Chontae le faireachas a dhéanamh ar dhumpáil mhídhleathach i láithreacha aitheanta bruscair agus dumpála.

Úsáideann an Chomhairle trealamh ceilte agus follasach:

- Trealamh TCI Ceilte – bíonn ceamara ceilte nuair a fholaítear é ó ghnáthradharc nó nuair a cheiltear ar bhealach eile é
- Trealamh TCI Follasach – Bíonn ceamara follasach nuair nach gceiltear ó ghnáthradharc é, cibé an bhfeiceann duine an fearas faireachas nó an eol dóibh é a bheith ann
- Dróin
- Ceamaraí Gnímh
- Fearais Fuaime

Tugann na teicneolaíochtaí cúnamh le bruscar a chosc agus le forfheidhmiú fhorálacha an Acht um Thruailliú Bruscair 1997, mar atá leasaithe, an Acht Bainistíocht Dramhaíola 1996, mar atá leasaithe, agus rialacháin ghaolmhar le dul i ngleic le daoine aonair agus/nó gnólachtaí atá freagrach as caitheamh bruscair agus dumpáil mhídhleathach.

Úsáidtear TCI agus teicneolaíochtaí eile ar bhealach a chomhlíonann polasaí na Comhairle agus na riachtanais dlí agus reachtúla go léir.

- An tAcht um Chosaint Sonraí 2018, GDPR
- Riachtanais Údarás Eitlíochta na hÉireann
- Cód Cleachtais TCI (Teilifís Chiorcaid Iata) Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

Mar go bhfuil TCI faoi réir Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí déanfaidh an Chomhairle Measúnú Tionchar Chosaint Sonraí ar an gcéad dul síos ar shuiteáil TCI in aon láthair atá molta.

Úsáidfear na teicneolaíochta le hathbhreithniú a dhéanamh ar íomhánna taifeadta le linn bainistíochta ar ár bhfeidhmeanna forfheidhmithe agus ceadúnaithe agus le faire a dhéanamh ar cheantair ina dtarlaíonn dumpáil agus diúscairt mhídhleathach go leanúnach.  Ní dhéanfar faireachas físe i gceantair phoiblí ach i gceantair nach bhfuil súil ag an phobal go réasúnach le príobháideachas. Ní bheidh ceamaraí dírithe ar láithreacha príobháideacha.

Ní dhéanfar ceamaraí ceilte nó follasacha a shuiteáil ach amháin má tá riachtanas soiléir ann go gcabhródh sé leis an gComhairle fianaise a bhailiú le dumpáil neamhshrianta agus gníomhaíocht mhídhleathach a fhiosrú agus beidh siad faoi réir ag Cód Cleachtais TCI CCÁCT.

Déanfar faireachas ar chórais, stóráil agus rochtain ar phíosaí taifeadta de réir pholasaí na Comhairle agus riachtanais Dlí agus reachtúla.

Agus bainistíocht á déanamh ar an seirbhís seo, tá aird ag an gComhairle ar na hacmhainní atá ar fáil agus déanfar iarratais ar shuiteáil teicneolaíochta a mheas ar bhonn cás ar chás le haird chomh maith ar na critéir atá leagtha amach thuas.



# Aguisín IV:
## Prótacal Glantacháin



Fostaíonn an Chomhairle foirne iltascála i bpiocadh bruscair, glantachán agus baint amach ábhair atá dumpáilte go mídhleathach.

Déantar glanadh sráide, piocadh bruscair agus seirbhísiú araidí bruscair ar bhonn sceidil agus bailítear timpeall 11,609 tona de bhruscar, de dhumpáil mhídhleathach, d'fhúioll airdí buscair agus de dhramhaíl a scuabtar as na sráideanna gach bliain le diúscairt (tá an figiúr seo bunaithe ar an tréimhse 3 bliana 2016—2018 agus is léiríonn sé meánmhéadú de 3,459 tona de dhramhaíl mar a tuairiscíodh sa Phlean Bainistíochta Bruscair roimh seo).

**Scuabadh Bóithre**

Tá conradh scuabadh bóithre agus seirbhísí gaolmhara ag an gComhairle le soláthraí seachtrach. Soláthraítear seirbhísí scuabadh bóithre agus bailiú bruscair do gach bóthar, eastát tithíochta agus eastát tionsclaíoch ag minicíocht chomhaontaithe. Tá rialú fiailí agus glanadh gáitéar ar na seirbhísí gaolmhara faoin gconradh seo.

**Ionaid Fág Anseo**

Tá 68 ionad athchúrsála/Fág Anseo sa chontae. Glacann siad le teicstílí, gloine agus cannaí.

Tá trí (3) soláthraí seirbhísí fostaithe le seirbhísiú a dhéanamh ar na saoráidí teicstíle. Tá conradh ann le haghaidh seirbhísiú (folmhú) na n-ionad cúrsála gloine/cannaí.

Athraítear seirbhísiú (folmhú) na mbanc athchúrsála gloine/cannaí de réir leibhéal riachtanais. Folmhaítear formhór na saoráidí is mó úsáide gach 3-5 lá, agus roinnt eile ar bhonn nach bhfuil chomh rialta, ag brath ar úsáid. Tá an t-oibritheoir freagrach as slacht a choinneáil ar an limistéar mórthimpeall ar na saoráidí. Bailítear an bruscar / gloine bhriste go léir sa limistéar mórthimpeall (suas le 5m ón mbanc buidéal).

Le fianaise a thabhairt den ghlantachán, tógann an t-oibritheoir pictiúr roimh agus tar éis gach glanadh.

Más pacáistiú gloine an bruscar a bhíonn fágtha ag an mbanc buidéal, cuirtear é sa bhanc buidéal agus nuair a ardaíonn an conraitheoir na coimeádáin, cuirtear ar ais ar thalamh glan iad – .i. le cinntiú nach mbíonn aon bhruscar nó boscaí cairtchláir sáite faoin ionad fág anseo.

Mura mbíonn baint ag an mbruscar leis an mbanc buidéal cuireann an conraitheoir an Chomhairle ar an eolas, má bhíonn cuid mhór úsáide míchuí nó dumpála ar siúl ag na saoráidí seo soláthraíonn an Chomhairle seirbhis glantóireachta ag na láithreacha seo faoi dhó sa tseachtain (gach Luan agus Aoine).

**Araidí Bruscair**

Tá timpeall 600 araid bhruscair ar fud an chontae faoi láthair. Déantar cigireacht laethúil ar na haraidí seo uile agus folmhaítear iad mar is cuí. Déanfar araidí nua a shuiteáil de réir an Prótacal Suiteáil Araidí Bruscair.

**Glanadh Suas Pobail**

Déantar bainistíocht ar Ghlanadh Suas Pobail trí an Scéim Creidmheasa Sóisialta mar ar féidir le grúpaí pobail agus scoileanna iarratas a dhéanamh ar chúnamh ar son glantóireachtaí pobail.

Ní mór d'iarrthóirí ar chúnamh na sonraí seo a leanas a thabhairt don Chomhairle:

- Dáta agus láthair an ghlantacháin
- Sonraí teagmhála an eagraí
- An láthair ina mbeidh ábhair dramhaíola á stóráil sula mbaintear amach iad

Bailíonn an Chomhairle dramhaíl a bhailítear trí ghlantacháin pobail ón láthair a aontaíodh leis an ngrúpa roimh an glantachán.

# Aguisín V:
## Prótacal Bainistíochta Salachar Madraí




Is cion faoi Alt 22 den Acht um Thruailliú Bruscair, 1997, mar atá leasaithe, é salú madraí. Faoin Acht seo, beidh an duine atá i gceannas ar mhadra faoi réir fíneála nó iomchúisimh mura mbaineann siad aon faecas a dhéanann a madra in áiteanna áirithe, agus/nó má theipeann ar an duine sin a chinntiú go ndéantar diúscairt mar is ceart ar bhruscar a madraí ar bhealach oiriúnach sláintíoch.

Tá forfheimiú an ailt seo deacair mar go bhfuil fianaise ó fhinné ag teastáil, le cion a thuairisciú agus an té atá i gceannas ar an madra a ainmniú. Tá grúpaí áitreabhach agus/nó daoine aonair á spreagadh go leanúnach ag an gComhairle le cúnamh a thabhairt do Sheirbhís na Maor maidir leis seo.

Cé gur mór an líon úinéirí a ghlacann freagracht as a gcuid madrai agus a ghlanann suas ina ndiaidh, is cosúil go bhfuil roinnt mhaith de mhionlacht ann nach nglanann suas i ndiaidh a gcuid madraí, agus nach ndéanfaidh é.

Tá feachtais éagsúla feasachta ar bun ag an gComhairle atá dírithe ar bhruscar agus salachar madraí a chosc agus diúscairt cheart a dhéanamh orthu.

Is tionscadal pobalbhunaithe é Togra Glas na Siúlóirí Madraí a chuireann béim ar cheist salachar na madraí agus a chuireann an bealach ceart chun glanadh suas i ndiaidh do mhadra chun cinn. Bíonn an togra seo á chur chun cinn go leanúnach trí imeachtaí a eagraíonn an Chomhairle agus grúpaí pobail áitiúla. Cuirtear preabsheastáin ar fáil le Togra Glas na Siúlóirí Madraí ag imeachtaí agus tá bileoga ar fáil do scoileanna, ionaid phobail agus gnólachta d'fhonn feasacht faoi thábhacht úinéireacht fhreagrach madraí a mhúscailt.

Tháinig fadhbanna éagsúla chun cinn le scéim phíolótach stionsail madraí le spleáchas ar aimsir, caighdeán agus buaine na ndromchlai glactha. Leanfar ar aghaidh le stionsail a chur i bpáirceanna réigiúnacha áirithe mar a meastar iad a bheith éifeachtúil. Ní chuirfear stionsail ar chasáin sráideanna in eastáit tithíochta, ar phríomhbhóithre, ná i mbailte nó sráidbhailte.

Cuirfear fógraí faoi shalachar madraí ar fáil go leanúnach de réir an riachtanas a léirítear agus oiriúnacht suímh.

# Aguisín VI:
## Prótacal Maidir Le Graifítí

Mar chúnamh i gcoinne graifítí, cuirtear an Deontas Feasachta Frithbhruscair agus Frith-Ghraifítí ar fáil do ghrúpaí pobail agus do scoileanna ón Rannóg Feasacht Chomhshaoil. Chomh maith leis sin, reáchtáladh tionscadal píolótach Cánbhás Átha Cliath Theas le saothair ealaíne a chur ar 48 bosca solais tráchta ar fud an Chontae. Mar go raibh rath ar an togra seo leanadh ar aghaidh leis in 2019 agus leanfar leis ar feadh saolré an phlean seo.

Is cion coiriúil é réadmhaoin a lot, agus tá sé de riachtanas de réir Alt 20 den Acht Truailliú Bruscair, 1997 go réiteodh úinéirí réadmhaoine aon lot.

Is é cuspóir an phrótacail séo bunphrionsabail na Comhairle i leith bainistíocht ghraifítí a leagan amach go soiléir, agus leanúnachas a thabhairt don gcur chuige i leith graifítí a bhaint amach ar fud an chontae:

- Má tá an graifítí ar réadmhaoin phoiblí, déanfaidh an Chomhairle socruithe lena bhaint amach. Ag brath ar an gcineál dromchla atá ann, úsáidfear ceimicí nó péint.
- Má bhíonn an graifítí ar bhoscaí fóntais de chuid na gcuideachtaí fóntais, déanfar teagmháil leis an gcuideachta atá i gceist agus iarrfar uirthi an graifítí a bhaint. Tá Meabhrán Tuisceana foimeáilte reatha i bhfeidhm i láthair na huaire leis na ceithre soláthraithe fóntais. Beidh athbhreithniú leanúnach á dhéanamh orthu seo mar chuid den phrótacal seo
- Tá gach úinéir réadmhaoine freagrach as graifítí a ghlanadh as a áitreabh. Nuair a bhíonn graifítí ar réadmhaoin phríobháideach iarrfraidh an Chomhairle ar úinéir na réadmhaoine an graifítí a ghlanadh i dtús báire. Ag brath ar an láthair, agus má bhíonn aghaidh na réadmhaoine ar áit straitéiseach phoiblí, déanfaidh an Chomhairle iarracht an lot a bhaint amach. Éileoidh an Chomhairle slánaíocht ó úinéir na réadmhaoine nó ó ghníomhaire úinéir na réadmhaoine chun dul isteach ar an réadmhaoin d'fhonn an lot a ghlanadh. Síneoidh úinéir na réadmhaoine, nó gníomhaire úinéir na réadmhaoine slánaíocht, agus beidh táille i gceist i ngach cás. Ní dhéanfar aon oibreacha ar réadmhaoin phríobháideach gan an tslánaíocht sin agus ní dhéanfar aon obair inmhuirir go dtí go n-aontaíonn an dá pháirtí na muirir sin.

I gcúinsí teoranta áirithe, d'fhéadfadh nach mbeifear in ann graifítí a ghlanadh mar gheall ar dheacrachtaí rochtana chuig suímh.



# Aguisín VI
## Ar Lean

**Foirm Slánaíochta Graifítí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas le haghaidh Réadmhaoin Phríobháideach**

**Tá forálacha tábhachtacha sa bhfoirm seo maidir lenár ndliteanas duitse. Léigh é le do thoil sula síníonn tú é.**

Tugaimse ____________ (ainm) úinéir ruíleas / gníomhaire úinéir ruílse/tionónta/ gníomhaire tionónta agus eile (sonraigh) ________ an áitribh ar a dtugtar ______________ (an tÁitreabh) cead do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas nó aon chonraitheoirí atá ceaptha acu, dul isteach san Áitreabh le póstaeireáil bhradach agus/nó graifítí a bhaint as ballaí seachtracha, fuinneoga agus aigheanna an áitribh nó a chlúdach le péint.

Tuigim go ndéanfar an obair seo agus go bhféadfainn muirir a thabhadh, mar chuid de thogra Chomhairle Contae Átha Cliath Theas chun graifítí a chosc agus a bhaint anuas.

Tuigim nach ndéanfar aon obair inmhuirir go dtí go n-aontaím leis an mhuirear Údararaím chomh maith Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus aon chonraitheoirí a cheapann siad fógraí rabhaidh a chur in airde i leith ionchúisim má leantar ar aghaidh le gníomhartha graifítí nó potaeireála bradaí.

Admhaín go bhfuil aon chigireacht, suirbhé foirgnimh, measúnú nó tástáil maidir le hoiriúnacht an Áitribh do na próisis ghlanta a úsáideadh, lena n-áirítear (gan a bheith teoranta do) niteoirí cumhachta agus osáin ardbhrú a úsáid déanta ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ná aon cheann dá gconraitheoirí.

Má dhéantar dochar don áitreabh (agus/nó do aon réadmhaoin agus/nó áitreabh eile) de thoradh nó de bharr an ghlanadh thuas ní bheidh dliteanas ag Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ná ar a gconraitheoirí, i leith aon pháirtí ar son aon damáiste ar chor ar bith cibé cúis a bhí leis (lena n-áirítear gan teorainn i dtort, conradh nó le faillí). Ní dhéanann Comhairle Contae Átha Cliath Theas, ná aon chonraitheoir a cheapann siad, aon iarracht teorann a chur le dliteanas, ná é a eisiamh, i leith báis nó gortú pearsanta a eascraíonn as faillí. Slánaím Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus a gconraitheoirí dá réir sin ó agus i gcoinne aon éileamh, costas, dliteanas agus/nó imeachtaí maidir le haon damáiste a eascraíonn as baint amach graifítí nó póstaeráil bhradadh mar atá leagtha amach thuas.

Munar mise úinéir na réadmhaoine, deimhním go bhfuil cead agus lánúdarás agam ó úinéir na ruílse an toiliú seo a sholáthar agus an séanadh seo a shíniú thar ceann úinéir na ruílse.

Sínithe: ______________________________ Dáta: ____________

Seoladh: ______________________________________________________________________

Teil: ______________________________ Ríomhphost: ______________________________

Cuir an fhoirm seo ar ais chuig: Comhairle Contae Átha Cliath Theas

Nó cuir le ríomhphost chuig: **info@sdublincoco.ie**

# Aguisín VII:
## Prótacal Suiteáil Araidí Bruscair

Tá an Rannóg Réimse Poiblí freagrach as rialú bruscair i ngach spás poiblí atá laistigh de cheantar riaracháin na Comhairle. Mar chuid den seirbhís seo, soláthraíonn agus cothabhálann an rannóg Réimse Poiblí líonra de 600 araid bruscair ar an tsráid agus i bpáirceanna poiblí, i spásanna oscailte agus i gceantair tithíochta ar fud an chontae.

Tá sé de chuspóir ag an bprótacal suiteála d'araidí bruscair dul i ngleic leis na saincheisteanna a leanas agus é de chuspóir fhoriomlán aige glaineacht an chontae a fheabhsú:

- A chinntiú go mbíonn dearadh tarraingteach téagartha ag na haraidí bruscair, go mbíonn siad oiriúnach dá gcuspóir agus suite sna láithreacha cearta
- Critéir shoiléire le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar araidí bruscair.

Is í an Stiúrthóireacht Chomhshaoil, Uisce agus Athrú Aeráide an phríomhstiúrthóireacht a sholáthraíonn agus a dhéanamh seirbhís ar araidí bruscair sa chontae. Déanann an Rannóg Réimse Poiblí bainistíocht ar na haraidí seo. D'fhonn acmhainní a bharrfheabhsú agus a chinntiú go soláthraítear araidí ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costais, agus uasmhéid seirbhíse á seachadadh acu ag an am céanna, tá sé tábhachtach na prionsabail faoin áit a soláthraítear araidí bruscair nó nach soláthraítear iad a dheimhniú. Cinnteoidh sé seo go mbainfear an úsáid is éifeachtúla as na buiséid soláthair agus cothabhála leanúnaí.

Níl sé inmhianaithe nó éifeachtúil araidí bruscair a sholáthar go simplí ar bhonn éilimh. Is í aidhm an phrótacail seo na prionsabail bhunúsacha a leagan síos le haraidí bruscair a shuiteáil d'fhonn clúdach comhsheasmhach cuí a sholáthar i ngach cuid den chontae. Ba chóir go dtabharfadh sé seo tuiscint níos fearr ar sholáthar na n-araidí bruscair agus go mbeadh sé mar threoir d'iarratais ar araidí bruscair nua.

I measc na láithreacha ar chóir dóibh tosaíocht a fháil le haraidí bruscair a shuiteáil tá:

- Lár bhailte agus sráidbhailte
- I bhfoisceacht siopaí ar nós díoltóirí nuachtán, miondíoltóirí bia, ollmhargaí
- Ceantair ina mbíonn daoine ag bailiú le chéile m.sh. stadanna bus, stadanna tram, oifigí poist, foirgnimh seirbhíse poiblí/oifigí
- Na príomhbhealaí chuig scoileanna
- Páirceanna móra le hachar níos mó ná 16 heicteár m.sh. i gcomharsanacht áiteanna súgartha agus siúlóidí madraí.

Cuirfear cumas na láithreach rochtain shábháilte a sholáthar d'fheithiclí cothabhála (taobhlódáil) san áireamh i ngach cás.

Meastar na láithreacha a leanas a bheith mí-oiriúnach le haghaidh araidí bruscair mar go meallann siad dumpáil, loitiméireach:

- Ceantair chónaithe gan úsáid mheasctha, go háirithe forbairtí de chineál cul-de-sac, mar go meallann siad dumpáil dramhaíl teaghlaigh timpeall ar na haraidí bruscair.
- Páirceanna le hachar níos lú ná 16 heicteár nuair atá siad lonnaithe i gceantair chónaithe, ach amháin más léis go bhfuil éileamh ann nach bhfuil láithriú na n-araidí ar an tsráid ag freastal air.

Agus an tseirbhís seo á bainistiú, tugann an Chohairle aird ar gach costas agus iarratais ar araidí nua á meas. Cuirtear san áireamh ní hamháin an costas tosaigh ceannach agus suiteála ach an chothabháil agus an seirbhísiú leanúnach a bhaineann le gach araid.

Nuair a fhaightear iarratas ar araid nua/athsholáthair araid bruscair, déanfar gach láthair a mheas le haird ar na critéir atá luaite thuas, chomh maith leis an soláthar araidí bruscair atá in aice láimhe .i. laistigh de 400 m.

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**